# Sprioc-chláir Airgid

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Scileanna Forbartha** | • Labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• Roinnt nodaireachta mhatamaitice a úsáid<br>• Straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | boinn, pingin, níos mó ná, níos lú ná |
| **Áiseanna** | sprioc-chláir shamplacha, Uirlis Airgid Mol Mata, fíorbhoinn agus boinn bhréige |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Réamhobair leis na boinn – gabh siar ar na boinn dhifriúla suas le 10p. Scairteann an múinteoir ainm boinn amach agus taispeánfaidh na daltaí an bonn sin. Cleachtaigh leis na boinn eile le haithint na mbonn agus tuiscint orthu a dhaingniú. Cuir na boinn in ord a luacha agus déan taifead de na freagraí. Taispeáin ar Uirlis Airgid Mol Mata na dóigheanna éagsúla le méideanna ar leith airgid a dhéanamh, m.sh., 3p, 4p, 5p srl.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaigh sprioc-chláir airgid a fhóireann don aoisghrúpa. Cuir an sprioc-chlár i láthair don rang agus cuir ceisteanna le fiosrú (amharc ar na ceisteanna samplacha thíos). Is féidir leis na daltaí méideanna airgid comhfhreagracha agus fíorbhoinn, nó boinn bhréige, nó Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid acu.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr orthu a gceisteanna féin bunaithe ar an sprioc-chlár a chruthú. Iarr orthu a gceisteanna a mhalartú le grúpaí difriúla agus na freagraí a roinnt.

### 4 Gníomhaíocht 4

I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid sprioc-chláir airgid. Roghnaíonn siad méideanna difriúla airgid agus cruthaíonn siad sraith ceisteanna. Ansin, is féidir leo iad seo a mhalartú le grúpaí eile sa rang.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte: | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na huimhreacha go 10 a bhfuil bonn ann a sheasann don uimhir sin?<br>• An bhfuil bonn 9p, 6p, 3p srl. ann?<br>• Cad é an tsuim airgid is mó/is lú?<br>• Cad é atá agam nuair a shuimím x agus y?<br>• Cad é an difear idir x agus y?<br>• Cad iad na méideanna ar an sprioc-chlár nach féidir a dhéanamh ag úsáid bonn 10p amháin? | • Cá mhéad dóigh dhifriúil ar féidir liom ___ a bhaint amach?<br>• Cad é is féidir leat a cheannach le ____?<br>• Cad iad na boinn atá de dhíth ort leis an méid seo a dhéanamh?<br>• Cén cineál ceiste is féidir a chur faoin chlár seo/faoin méid airgid seo? |

## Difreáil

Socraigh suimeanna airgid, nodaireacht, méid an sprioc-chláir agus réimse ceisteanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.